

A thuismitheoir / caomhnóir, a chara,

Tá súil agam go bhfuil sibh ar fad i mbarr na sláinte ag baile agus ag baint taitnimh as an aimsir bhreá atá fáighte againn go dtí seo.

Táim ag scríobh chugaibh maidir leis an treoir is deireanaí atá fáighte againn ó Roinn Oideachais maidir le malairt measúnaithe do bhliain 3 in áit scrúdú an Teastais Shóisearaigh i mbliana. Socraíodh go dtarlódh an scrúdú malartaithe seo roimh dheireadh bhriseadh an tSamhraidh, go mbeidh na torthaí á sheoladh abhaile ag an scoil agus go mbronnfadh an Roinn teastas ar gach scoláire a ghlac páirt sa chlár ag tús na scoilbhliana 2020 /21.

Ag an tráth seo, tá cur chuige na measúnaithe féin fágtha faoi stiúir na scoile do scoláirí na tríú bliana anseo i gColáiste na bPiarsach. Tá leagan amach agus briseadh síos ar an scrúdú deiridh seo bunaithe ar chéatadán de mharc scrúdaithe mhacasamhail an Teastais Shóisearaigh sna hábhair ar fad, chomh maith le measúnú leanúnach ó thús na scoilbhliana, rannpháirtíocht na scoláirí ar líne agus déanfar tascanna éagsúla sna hábhair ar fad ar feadh na tréimhse ceithre seachtainí atá fágtha. Cuirfear na marcanna éagsúla ón cheithre réimse sin le chéile chun marc iomlán a bhronnadh ar na scoláirí.

Féach thíos an briseadh síos den leagan amach mar atá beartaithe don scrúdú deireadh bliana -

30% De mharc scrúdaithe mhacasamhail an Teastais Shóisearaigh

20% Measúnú Leanúnach ó thus na scoilbhliana

40% Tascanna éagsúla le déanamh i ngach ábhar thar an tréimhse 4 seachtainí (5 Bealtaine – 28 Bealtaine)

10% Rannpháirtíocht ar líne (ó lár Márta – go deireadh Bealtaine)

Braithimid gurb é seo an bealach is cothromaí le deis a thabhairt do gach scoláire déanamh go maith agus réamhobair a bheith á thógáil san áireamh sna hábhair ar fad. Leis sin, beidh daltaí ag fáil aitheantas ar an obair chrua atá déanta acu le trí bliana anuas. Táimid ag moladh go mbeadh scoláirí uile na tríú bliana páirteach go huile is go hiomlán sna ranganna ar líne as seo go dtí deireadh Bealtaine chun gach deis a thabhairt dóibh a gcuid spriocanna a bhaint amach.

Meabhraítear daoibh nach gá táillí scrúdaithe a íoc a thuilleadh agus gheobhaidh sibh aisíocaíocht ó Roinn ar na táillí atá íoctha agaibh cheana féin.

Tá súil agam go dtabharfaidh an litir seo tuiscint níos fearr daoibh ar chur chuige na scoile i leith an ábhair seo agus go bhfaighidh scoláirí beagán faoisimh agus fios anois acu anois go bhfuil an samhraidh amach rompu chun tairbhe a bhaint as.

Go raibh maith agaibh ar fad as bhur gcomhoibriú ag an am deacair seo agus tá súil agam nach fada go mbeimid ar ais i dteannta a chéile arís le cúnamh Dé.

Le gach dea-ghuí,

Máirín Ní Mhainnín
Príomhoide